# I dTreo Éire Nua do Chách

## Sé Chroíphrionsabal

Coimisiún Nua-Éireann

SDLP

# Clár


An Comhthéacs 3

Coimisiún Nua-Éireann 4

Comhaontú Aoine an Chéasta 5

Sé Chroíphrionsabal na Gluaiseachta
- An tAthmhuintearas dár dTreorú 6
- Fáilte roimh an Éagsúlacht 7
- Gan Aon Duine Fágtha ar Lár 8
- Saoránaigh ar Thús Cadhnaíochta 9
- Fadradharcach, Leathanaigeanta 10
- Dóchas Ionraic 11

# An Comhthéacs

Agus cúig bliana is fiche ann ó síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta, tá sé ráite gur "idirthréimhse" í seo i dTuaisceart Éireann agus ar oileán iomlán na hÉireann. Tá an saol ag athrú ar luas lasrach le tamall de bhlianta anuas.

Tá athrú ó bhonn tagtha ar an Ríocht Aontaithe mar gheall ar an tsuaitheadh de bharr an Bhreatimeachta. Tá na hiarmhairtí ón mheath leanúnach ar an gheilleagar agus ó na ciorruithe móra ar sheirbhísí poiblí le feiceáil lá i ndiaidh lae, ar an drochuair.

Is measa arís an scéal seo i dTuaisceart Éireann a mbíonn an t-éagumas leanúnach polaitíochta agus an tsáinn threibheach de shíor ann.
Agus muid chomh dóchasach céanna go rachaidh muid ar ais san Aontas Eorpach agus atá muid go mbeidh tír athaontaithe againn, sa chomhthéacs seo tá borradh úr faoin díospóireacht ar athrú bunreachtúil le go mbeidh Éire Nua ann.

Ar an taobh ó dheas den teorainn, tá rath agus bláth ar an gheilleagar i gcónaí, a bhuíochas sin i bpáirt do Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tá ceisteanna le socrú go fóill, áfach, i dtaca le dáileadh an rachmais agus soláthar cúraim sláinte agus tithíochta de.

Tá síorfhás ar spéis an phobail go bhféadfadh Éire Nua a bheith againn amach anseo, agus beidh guth ag an phobal ar fud an oileáin mar chuid den phlé leis sin a bhaint amach.

Is é an aidhm atá ag *Coimisiún Nua-Éireann* cur chuige radacach úr a ghlacadh sa pholaitíocht seo againne: cur chuige a mbeidh ról agus guth ag saoránaigh ann, ina ndéanfar beartas ar bhealach úrnua agus ina leagfar amach treoirphlean ionchuimsitheach uaillmhianach i dtreo Éire Nua.

**Sa cháipéis seo, tá sé chroíphrionsabal againn mar ghluaiseacht le go mbeidh Éire Nua athmhuinteartha lán dóchais do chách againn.**

# Coimisiún Nua-Éireann

Bhunaigh an SDLP *Coimisiún Nua-Éireann* go foirmeálta in 2021 le hionchur an pháirtí sa díospóireacht fán athrú bhunreachtúil a mhúnlú. Bunaíodh painéal saineolaithe as daoine ar an oileán a bhfuil cúlraí iontach éagsúil acu, pobail úra, ceardchumainn, páirtithe polaitíochta agus ceannairí sa tsochaí ina measc. Ar a bharr sin, chuaigh ionadaithe tofa an SDLP i mbun plé ina bpobal féin agus aird ar leith acu ar phlé príobháideach a dhéanamh le pobail aontachtaithe.

Obair phríobháideach a bhí in obair an Choimisiúin i dtús báire agus bhí plé mionsonraithe luachmhar ann, plé a bhí neamhbhalbh go minic. Mar shampla, reáchtáladh cruinnithe éagsúla i bpobail aontachtaithe agus bhí ceannairí creidimh páirteach iontu mar aon le hoibrithe pobail ó cheantracha dílseacha. Tá an plé seo á dhéanamh ar bhonn cóimheasa agus ceiliúradh á dhéanamh ar an éagsúlacht - luachanna atá thar a bheith tábhachtach don SDLP ón tús. Ní bhítear ag iarraidh tuairimí daoine a chasadh ná a thiontú.

As an phlé sin, d'eascair na sé chroíphrionsabal a bheas mar bhonn faoin obair atá romhainn Éire Nua a fhorbairt.
Is mian linn gluaiseacht a fhorbairt ar son Éire Nua:

- an t-athmhuintearas dár dtreorú
- ina gcuirfear fáilte roimh an éagsúlacht
- gan duine ar bith fágtha ar lár inti
- ina mbeidh saoránaigh ar thús cadhnaíochta
- a bheas fadradharcach leathanaigeanta
- agus bunaithe ar an dóchas ionraic

Is é is bunchuspóir don pháipéar seo trí rud a leagan amach: na sé chroíphrionsabal, an gaol idir na prionsabail sin agus luachanna Chomhaontú Aoine an Chéasta agus an dóigh a mbeidh siad mar threoir againn Éire Nua athmhuinteartha do chách a bhaint amach. **Is iad seo na prionsabail a bheas mar threoir ag an Choimisiún agus ag an ghluaiseacht is mian linn a fhorbairt.**

# Comhaontú Aoine an Chéasta

## An Bhunchloch

Is é Comhaontú Aoine an Chéasta a bheas mar bhunchloch faoi aon athrú bunreachtúil ar an oileán amach anseo.

Éacht ar leith i stair na hÉireann atá sa Chomhaontú. Dá bharr, tháinig an tsíocháin i réim i réigiún a raibh achrann ann, sábháladh beatha daoine, tháinig feabhas ar shaol daoine agus forbraíodh struchtúir atá riachtanach le caidreamh a chothú ar an oileán seo, agus idir muintir na Breataine agus muintir na hÉireann. I ndiaidh 25 bliana de, tá an SDLP iontach bródúil i gcónaí as ról lárnach an pháirtí leis an Chomhaontú a fhorbairt.

An pobal féin a bhain an t-éacht amach, áfach, pobal a d'éiligh saol ní b'fhearr agus atá i ndiaidh a léiriú nach mian leo pilleadh ar an achrann – fiú má tá rudaí le réiteach sa phróiseas go fóill.

Deis dúinn machnamh a dhéanamh ar an Chomhaontú féin agus ar an dul chun cinn a rinneadh dá bharr atá sa chomóradh 25 bliana seo. Níos tábhachtaí fós ná na 25 bliana anuas a chomóradh, tá againn le fís a fhorbairt do Thuaisceart Éireann, d'Éirinn uile agus don chaidreamh ar na hoileáin seo agus eatarthu sna 25 bliana atá romhainn.

Tá dualgas orainn spiorad agus luachanna an Chomhaontaithe a chosaint, fiú má tá muid ar son athrú a bhaint amach. Beidh Éire Nua bunaithe ar an athmhuintearas, an cóimheas, an ceart chun bheith Briotánach, Éireannach nó an dá cheann acu, agus an gealltanas nach n-úsáidfear ach modhanna síochánta daonlathacha.

Tá na **sé chroíphrionsabal atá leagtha amach sa cháipéis** seo bunaithe ar na comhráite go léir ó bunaíodh *Coimisiún Nua-Éireann*, agus tá luachanna Chomhaontú Aoine an Chéasta le sonrú iontu.

# Sé Chroíphrionsabal na Gluaiseachta

## 1. An tAthmhuintearas dár dTreorú

Beidh an t-athmhuintearas i measc na ndaoine ar an oileán lárnach sa chomhrá faoin todhchaí agus mar chuspóir uileghabhálach chun Éire Nua a bhaint amach. Creideann muid nach gá go mbeadh an t-athrú bunreachtúil ina chonstaic roimh an athmhuintearas, ach gur féidir leas a bhaint as an chomhrá féin le cúiseanna easaontais ar an oileán seo a shárú.

Tuigeann muid go rímhaith nach bhfuil fís Chomhaontú 1998 don athmhuintearas fíoraithe agus gur minic cuid den easaontas níos measa arís, go háirithe i dTuaisceart Éireann. Ar leibhéal Thuaidh-Theas, fiú má chuirtear san áireamh go bhfuil an-dul chun cinn déanta i saol saoránach, saol sóisialta agus saol geilleagrach uile-oileáin, tá réimsí suntasacha fós ann ar gá don phobal sa dá chuid den oileán tuigbheáil níos fearr a fháil ar a chéile. In ainneoin gur léiriú iad ócáidí móra siombalacha ar an dul chun cinn atá déanta sa chaidreamh Thiar-Thoir, cuairteanna cómhalartacha stáit na Banríona agus an Uachtaráin Ó hUigínn, mar shampla, is léir le seacht mbliana anuas go bhfuil bearnaí móra go fóill ann ó thaobh comhthuisceana agus cóimheasa de.

Táthar ann, Thuaidh agus Theas, a thugann le tuigbheáil nach mbeadh an t-athrú bunreachtúil ag teacht le fíor-athmhuintearas domhain. Ní aontaíonn muidne leis sin beag ná mór. Creideann muid gur chóir dúinn an t-athmhuintearas i measc daoine i dTuaisceart na hÉireann, agus ar fud an oileáin, a bheith againn mar phríomhaidhm san athrú bhunreachtúil taobh le bunchuspóir follasach bunreachtúil go mbeidh stát comhaontaithe againn. I gcás grúpaí a dhéanann argóint le cúrsaí a choinneáil mar atá, bíodh sin go soiléir nó go hindíreach, d'fhéadfaí ceist a chur orthu fán réasúnaíocht atá acu gur dócha go mbainfí an t-athmhuintearas amach dá bhfágfaí socruithe bunreachtúla mar atá fá láthair seachas iad a athrú.

Tabharfaidh muidne tús áite don athmhuintearas agus frithsheicteachas sa chomhrá seo agus inár gcuid oibre le beartas a fhorbairt. Is féidir argóint a dhéanamh ar son an athraithe bhunreachtúil bunaithe ar dhaoine a thabhairt le chéile agus bealach a aimsiú i dtreo athmhuintearas mar is ceart.

# 2. Fáilte roimh an Éagsúlacht

Is é a dúirt iarcheannaire an SDLP “croí na daonnachta an éagsúlacht” ach go rómhinic in Éirinn déanann an difríocht deighilt.

Creideann muid gur chóir fís a fhorbairt don todhchaí ina ndéanfar ceiliúradh ar an éagsúlacht go léir atá le fáil ar an oileán agus ina dtabharfar aitheantas iomlán do na féiniúlachtaí agus traidisiúin ar fad. Fágfaidh sin go mbeidh cosaint ag an cheart sa Chomhaontú féiniúlacht náisiúnta Éireannach agus Bhriotanach a bheith ag an duine. Déanfar ceiliúradh fosta ar na pobail agus féiniúlachtaí úra a chuireann go mór leis an tsaol in Éirinn in 2023. Beidh orainn machnamh a dhéanamh ar an fhéiniúlacht mar dhuine Tuaisceart-Éireannach atá tagtha chun cinn agus atá tábhachtach do dhaoine áirithe, féiniúlacht atá casta caolchúiseach agus éagsúlacht tuiscintí inti.

Má chuireann muid fáilte roimh an éagsúlacht agus iolrachas mar chroíphrionsabal, beidh orainn caidreamh úr a chothú leis an chuid eile de na hoileáin seo agus Éire Nua againn. Tabharfaidh sin léargas ar an doimhneacht agus ar an tsainiúlacht sa chaidreamh idir ár muintir go léir.

Má dhéantar croíphrionsabal den éagsúlacht , beidh orainn cuid de na ceisteanna is deacra a phlé go hionraic cruthaitheach , ceisteanna a bhaineann le bunús na n-easaontas stairiúil ar an oileán seo. An taisce atá le baint againn ná taisce nach bhfuarthas ar an oileán seo fós: Éire ionchuimsitheach ina mbeidh na daoine ar a gcompord leis an dúshlán agus ina nglacfar go fonnmhar as an éagsúlacht.

# 3. Gan Aon Duine Fágtha ar Lár

Caithfear Éire Nua a dhíriú ar éagóracha eacnamaíocha agus sóisialta sa dá chuid den oileán agus deiseanna saoil a athrú ó bhonn. Tá barraíocht pobal ann ó thuaidh nach bhfuil teacht acu ar bhuntáistí na síochána agus an ratha. Imíonn i bhfad barraíocht dár muintir óga toisc nach mian leo saol a chaitheamh i sochaí den chineál atá ann. Ar an taobh ó dheas den teorainn tá tuilleadh le déanamh leis an rathúnas éachtach atá cruthaithe le blianta anuas a roinnt ar na daoine.

Ní chreideann muid gur chóir an stádas bunreachtúil a athrú go díreach ar mhaithe leis féin. Creideann muid gurb é an t-athrú seo an dóigh is fearr le go mbeidh na daoine agus na pobail ar fad ar an oileán seo ábalta barr a gcumais a bhaint amach. Creideann muid go dtabharfadh geilleagar uile-oileáin athraithe ó bhonn seans dúinn deiseanna agus féinmheas a thabhairt do phobail a bhfuil faillí déanta iontu le rófhada. Creideann muid gur fearr a bheifear ábalta acmhainní a dhíriú le seirbhísí poiblí a fheabhsú agus a leathnú dár bpobal san 21ú céad agus Éire Nua againn. Creideann muid gur fearr a bheas muid ábalta dul i ngleic leis na dúshláin is mó atá romhainn le céad bliain agus Éire Nua againn, go háirithe an éigeandáil aeráide, agus é sin a dhéanamh ar bhealach le gach uile dhuine sa tsochaí a chosaint.

Beidh ár bhfís i dtaobh Éire Nua fréamhaithe sna luachanna sóisialta agus daonlathacha atá mar spreagadh ag an SDLP ó bunaíodh an páirtí, an fhís sin dírithe ar shochaí a fhorbairt do na daoine ar fad ar an oileán seo , sochaí a bheas níos rathúla agus níos córa.

# 4. Saoránaigh ar Thús Cadhnaíochta

Ní féidir athrú chomh mór seo a bhaint amach ón bharr anuas agus mura dtugaimid aird ar chúiseanna imní agus riachtanais daoine sa tsochaí úr is mian linn a fhorbairt. Sa chur chuige seo againne, beidh saoránaigh ar thús cadhnaíochta agus an plé agus an dúshlán leanúnach mar fhoinsí eolais againn . Beidh sé mar aidhm againn mórghluaiseacht a fhorbairt ar son sochaí níos fearr agus Éire Nua bainte amach.

Is maith is eol dúinn go bhfuil frustrachas agus soiniciúlacht láidir ann i leith na polaitíochta agus polaiteoirí. Tá muinín na ndaoine imithe i léig agus mothaíonn siad nach bhfuil an t-achrann in Stormont ag cuidiú leo dul i ngleic leis na dúshláin atá rompu ina saol ó lá go lá.

Tá an SDLP den bharúil go gcaithfidh muid caidreamh as an nua a chothú idir saoránaigh agus polaiteoirí. Caithfidh daoine a bheith muiníneach go bhfuil tábhacht lena mbarúlacha agus go n-éistfear leo. Ba chóir go mbeadh fís agus plean ag na polaiteoirí don todhchaí – plean le dul i ngleic leis na fadhbanna atá rompu.

Agus muid ag obair i gcomhar le réimse saineolaithe ar fud an oileáin agus go hidirnáisiúnta, is mian linn cumhacht a thabhairt do shaoránaigh go dtuigfidh siad na roghanna atá ann don todhchaí le go dtig linn cumas mór millteach mhuintir an oileáin seo a bhaint amach. Beidh *Coimisiún Nua-Éireann* nuálach sa chur chuige a ghlacfar le beartas a cheapadh. Déanfar deimhin de go mbeidh sé sin treoraithe ag saineolaithe, bunaithe ar an fhianaise agus, san am chéanna, go mbeidh an próiseas á threorú ag an phlé leanúnach le saoránaigh.

Seachas liosta de bhearta i dtreo an athraithe a thabhairt , is mian linn dul i gcomhairle le hoiread daoine agus is féidir fán chineál sochaí atá uathu.

# 5. Fadradharcach, Leathanaigeanta

Aithníonn muid nach féidir an stair a sheachaint i gcomhrá ar bith ar chúrsaí bunreachtúla, stair chasta chiaptha i gcás na hÉireann. Agus fís don todhchaí á forbairt againn, caithfidh muid díriú ar a bhfuil romhainn a mhúnlú seachas ar éagóir na staire a chur ina ceart. Tá an tionscadal seo dírithe ar an athrú bhunreachtúil agus is gá reifreann ina leith a bheith ann amach anseo ina mbeidh dhá mholadh chontrártha ar pháipéar ballóide. Ní gá agus níor chóir, áfach, go mbeadh an cheist chomh simplí le bua ná caillteanas ag traidisiún stairiúil amháin ar an cheann eile.

Agus muid i mbun an phlé seo, agus dírithe ar an fhís a thiocfaidh as , beidh an fócas go diongbháilte ar an am atá le teacht. Chomh maith leis an athrú bhunreachtúil, beidh an fócas ar bhunreacht úr fosta chun cuidiú linn dúshláin agus deiseanna an chéid seo a láimhseáil go héifeachtach; obair fhiúntach agus ceartas eacnamaíoch a chur ar fáil i ré an uathoibrithe; gach leas a bhaint as ár n-acmhainní nádúrtha mar oileán san Atlantach le postanna glasa a chruthú.

Ar aon dul leis sin, seachas muid ag amharc go hinmheánach , is mian linn fís a fhorbairt de ról páirteach fáilteach oscailte na hÉireann Nua sa tsaol mhór. Chomh maith le Tuaisceart Éireann a bheith san Aontas Eorpach arís, ba mhaith linn go mbeadh an cur chuige seo againne don athrú bhunreachtúil mar eiseamláir ag daoine eile ar an dóigh le náisiún athmhuinteartha a fhorbairt, meas ann ar an iolrachas, náisiún a dhéanfadh cúram de leas na gcomharsan agus den leas dhomhanda.

# 6. Dóchas Ionraic

Is é an dóchas go mbeidh saol níos fearr ann a bheas dár dtreorú seachas frustrachas de dheasca deacrachtaí anois nó roimhe seo. Tá an pholaitíocht dhaonlathach san 21ú haois sáite sa tsoiniciúlacht agus cráite ag mímhuinín an phobail i gcumas páirtithe agus gluaiseachtaí polaitíochta saol an duine a fheabhsú. Mar aon leis na gealltanais atá tugtha againn faoin éagsúlacht agus faoi rannpháirtíocht na saoránach, beidh ár ngluaiseacht bunaithe ar chreideamh an daonlathais shóisialta go mbíonn cumhacht ag baint leis an iarracht chomhchoiteann le saol an uile dhuine a fheabhsú. Cuireann an tsoiniciúlacht agus an fhearg lagmhisneach ar dhaoine , rud a fhágann go gcreideann siad nach féidir leo an saol a fheabhsú. Creideann muidne go dtig linn a bheith ag tnúth go fírinneach le hÉirinn Nua a bheas ionchuimsitheach, rathúil agus cóir.

Ní bheadh sé ceart iarraidh ar dhaoine a ndóchas a fhréamhú ná a vótaí a chaitheamh bunaithe ar chreideamh simplí. Taobh leis an fhís dhóchasach, caithfidh muid freagraí beachta macánta a thabhairt ar cheisteanna praiticiúla a bhaineann le saol an phobail: pinsin, cúram sláinte agus cúrsaí féiniúlachta.

Geallann muid go dtabharfaidh muid freagraí praiticiúla ar cheisteanna riachtanacha agus go mbeidh comhrá macánta ionraic againn i ngach cás.

Coimisiún
Nua-Éireann